

Comhdháil Bhliantúil Ghaelscoileanna Teo & Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta 2013


Pleanáil Teanga do na scoileanna lán-Ghaeilge / Gaeltachta i bhfianaise an Acht Gaeltachta, 2012



Dé hÁoine, 22 Samhain 2013
Óstán Johnstown House, An Bóthar Buí

An Chigireacht
An Roinn Oideachais agus Scileanna

Pleanáil Teanga – Ról na Roinne Oideachais agus Scileanna




- Critéar ar leith chun aitheantas mar limistéar Gaeltachta/Baile Seirbhíse Gaeltachta/ Lónra Gaeltachta a bhaint amach (Acht na Gaeltachta, 2012)

Forálacha Acht Oideachais 1998 a bheith á úsáid ... chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí

Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar /bhaile /phobal iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla de réir mar is cuí


Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí

Pleanáil Teanga – Ról na Roinne Oideachais agus Scileanna




- **Freagracht ar phobail áitiúla maidir leis na próisis phleanála teanga faoin Acht**
- **Freagracht ar an ROS maidir le polasaí ar oideachas trí Ghaeilge ag leibhéal náisiúnta**
 - **Polasaí maidir le tumoideachas a shoiléiriú- forordú an churaclaim**
 - **Polasaí maidir le soláthar oideachais sa Ghaeltacht a shoiléiriú**
 - **Tacaíocht a thabhairt ar bhonn inmharthana don oideachas trí Ghaeilge sna pobail atá tiomanta don stádas Gaeltachta agus na próisis phleanála a bhaineann leis sin**
- **Athbhreithniú ar oideachas sa Ghaeltacht**

Réasúnaíocht don Athbhreithniú



- **Forálacha an *Acht Oideachais*, 1998**
 - *‘cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail’*
- **Cuspóirí na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge***
 - Líon na ndaoine a bhaineann úsáid laethúil as an nGaeilge a mhéadú ó 83,000 go 250,000
 - Líon na ndaoine a labhraíonn an Ghaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú faoi 25%
 - Áit lárnach ag an oideachas i gceantair Ghaeltachta chun pobail Ghaeltachta a chaomhnú- béim ar an tumoideachas
- **Acht Gaeltachta, 2013**
 - Próisis phleanála teanga a chumasú
- **Na dúshláin roimh scoileanna Gaeltachta**


Dúshlán roimh na scoileanna Gaeltachta



- Stádas na Gaeilge ag éirí níos leochailí
- Lucht labhartha na Gaeilge scaipthe go gann
- Líon mór scoileanna beaga
 - 1-3 oide = $\frac{2}{3}$
 - 1-4 oide = 79%
- Difríochtaí suntasacha idir méid na n-iar-bhunscoileanna
- Ní daonra aonchineálach é an daonra a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta
- Ilchineálacht teanga sna scoileanna


Na Dúshláin sna Pobail Ghaeltachta

Ar lean...




- **Titim shuntasach tagtha ar chaighdeán na hinniúlachta sa Ghaeilge labhartha**
- **Líon na ndaltaí a labhraíonn Gaeilge ó dhúchas ina mhionlach atá ag dul i laghad i measc an iomláin ar rollaí i líon níos mó de na bunscoileanna Gaeltachta**
- **Ceist na roghanna scoileanna a bhíonn ag tuismitheoirí**

Cuspóirí an Athbhreithnithe ar Oideachas sa Ghaeltacht (2013-2014)




- Roghanna pleanála agus forbartha a aithint i dtaca le soláthar oideachais i mbunscoileanna & in iar-bhunscoileanna lena mbaineann próifílí teangeolaíocha éagsúla
- Imscrúdú ar chomhordú na seirbhísí luath-óige trí mheán na Gaeilge (REOG)
- Imscrúdú ar an tionchar atá ag na seirbhísí luath-óige ar earnáil na mbunscoileanna
- Cur síos a dhéanamh ar chéimeanna tacaíochta do chleachtas múinteoirí chun foghlaim a chur ar theagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta

Tascanna an Athbhreithnithe



- 1) Cuardach tosaigh ar shonraí / thaighde náisiúnta i bhfoinsí ábhartha**
- 2) Mápáil na sonraí ó bhunachair na ROS do bhunscoileanna & iar-bhunscoileanna**
 - Soláthar reatha agus éileamh
- 3) Mápáil na sonraí ó bhunachair REOG chun léargas reatha a fháil ar sholáthar agus éileamh na seirbhísí réamhscolaíochta**
- 4) Suirbhé leis na príomhpháirtithe leasmhara**
 - Réitigh agus bearta polasaí féideartha maidir le soláthar oideachais réamhscolaíochta

Tascanna an Athbhreithnithe ar lean




5) Athbhreithniú ar litríocht, ar pholasaithe náisiúnta agus ar chleachtas ábhartha i limistéir eile

- i gcomhtheacsanna sochtheangeolaíocha ata inchurtha leis na ceantair Ghaeltachta
- soláthar do theangacha mionlaigh sa chóras oideachais
- soláthar do theangacha mionlaigh in ionaid réamhscolaíochta, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

6) Suirbhé ar líne de na páirtithe leasmhara


- Réitigh agus bearta polasaí féideartha maidir le soláthar oideachais sa Ghaeltacht ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile

Tascanna an Athbhreithnithe Ar lean



- 7) Roinnt cás-staidéir ar chleachtas trí Ghaeilge i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna le próifílí teangeolaíocha éagsúla chun cleachtas éifeachtach i leith soláthair do oideachas trí mheán na Gaeilge a aithint
- 8) Forbairt ar raon na roghanna polasaí do sholáthar le haghaidh oideachais i scoileanna Gaeltachta ag tabhairt aird ar:
- (i) Stádas na Gaeilge i bpobal na scoile
 - (ii) Éileamh don oideachas trí Ghaeilge
 - (iii) Na hacmhainní /na háiseanna atá ar fáil
 - (iv) Polasaí agus cleachtas a ghabhann le teagasc trí theanga mhionlaigh i gcomhthéacsanna sochtheangeolaíocha inchomparáide idirnáisiúnta
 - (v) Cleachtas reatha i dteagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta
 - (vi) Poitéinseal theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC)
 - (vii) Na seirbhísí tacaíochta ar fáil do scoileanna & na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge

Tascanna an Athbhreithnithe Ar lean




9) Dréacht -Tuarascáil an Athbhreithnithe

- rianú ar na roghanna éagsúla polasaí
- rianú ar an soláthar oideachais i scoileanna Gaeltachta

10) Foilsiú na tuarascála deiridh ar shuíomh gréasáin na Roinne

Foramharc




- **Próiseas ilghnéitheach agus cuimsitheach**
- **Próiseas comhairliúcháin**
 - **An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta**
 - **Grúpa Ardleibhéil**
 - **Foras na Gaeilge**
 - **COGG**
 - **Údarás na Gaeltachta**
 - **Suirbhéanna- páirtithe leasmhara**

Foramharc



- **Dul chun cinn do dáta**
 - Taighde coimisiúnaithe faoi chúram COGG
 - Mapáil sonraí ar siúl ag ROS agus DAHG
- **Spriocdháta- Deireadh 2014**
- **Torthaí an athbhreithnithe ag imirt tionchair ar phróisis phleanála áitiúla**
 - Pobal áitiúil
 - Scoileanna aonair

Na Téarmaí Tagartha ar fáil ar Shuíomh Gréasáin na Roinne




- **Leagan Gaeilge:**

<http://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Athbhreithniú-ar-Oideachas-sa-Ghaeltacht.pdf>

- **Leagan Béarla:**

<http://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Review-of-Education-in-the-Gaeltacht.pdf>

Críoch



- **Buíochas**
- **Ceisteanna**
- **Focal Scoir**

